Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Iúil 2025
(OR. en)

11807/25
PV CONS 43
AG 120
PARLNAT 97

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Ginearálta)

18 Iúil 2025

1. **An clár oibre a ghlacadh**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 11569/1/25 REV 1.

2. **Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 11128/1/25 REV 1

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

**(b) Liosta reachtach (plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)** 11129/25

**Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

1. Treoir maidir le Rialacha CBL maidir le ciandíolacháin earraí a allmhairíodh agus CBL allmhairiúcháin
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 9.7.2025

S C 10699/25
9255/25
FISC

Ghlac an Chomhairle an Treoir.

**Gnóthaí Ginearálta**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2. | Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1542 a mhéid a bhaineann le beartais díchill chuí maidir le ceallraí (Omnibus IV)<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>*Cinneadh maidir le maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 16.7.2025 | ❶C | 11309/25<br>PE-CONS 28/25<br>SIMPL |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE). Rinne an Chomhairle maolú, ar bhonn an dara fomhír d'Airteagal 3(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal sin, i bhfianaise na práinne atá leis an ábhar mar a leagtar amach i mbrollach an ghnímh reachtaigh.

**Ceartas agus Gnóthaí Baile**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 3. | Rialachán maidir le tús a chur, de réir a chéile, le hoibríochtaí an Chórais Dul Isteach/Imeachta<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 16.7.2025 | ❶C | 11308/25<br>PE-CONS 17/25<br>IXIM |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 77(2), pointí (b) agus (d), agus Airteagal 87(2), pointe (a) CFAE). I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac an Danmhairg ná Éire páirt sa vótáil.

**Fuinneamh**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 4. | An Rialachán maidir le stóráil gáis<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 16.7.2025 | ❶C | 11329/1/25 REV 1<br>+ REV 1 ADD 1<br>PE-CONS 27/25<br>ENER |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 194(2) CFAE), agus an Ungáir ag vótáil ina choinne agus an tSlóvaic ag staonadh ón vótáil. Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

<u>**Plé reachtach**</u>
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**3. An Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) tar éis 2027** [S][C]
***Díospóireacht bheartais***

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an cur i láthair a rinne an Coimisiún agus bhí seisiún tuairimíochta aici.

4. Aon ghnó eile

<u>**Gníomhaíochtaí neamh-reachtacha**</u>

| | | |
|---|---|---|
| 5. | Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán Uimh. 1 lena gcinntear na teangacha atá le húsáid ag Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa<br>*Seisiún tuairimíochta* | 11302/25<br>+ ADD 1-2 |
| 6. | Aon ghnó eile | |
| | a) An clár oibre maidir le simpliú a láimhseáil le linn Uachtaránacht na Danmhairge<br>*Faisnéis ón Uachtaránacht* | 11580/25 |
| | b) Dlúthpháirtíocht i gcomhaid aontoilíochta<br>*Faisnéis ón nGearmáin* | 11764/25 |

---

[1] An chéad léamh

[S] Nós imeachta reachtach speisialta

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

**RÁITIS A GHABHANN LEIS NA MÍREANNA NEAMHREACHTACHA ‘A’ A LEAGTAR AMACH IN 11129/25**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 4 ar liosta na míreanna ‘A’:** | **An Rialachán maidir le stóráil gáis**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN tSLÓVAIC**

‘Aithníonn an tSlóvaic rannchuidiú na mbeart a mholtar sa Rialachán maidir le stóráil gáis chun slándáil fuinnimh an Aontais agus a Bhallstát a mhéadú. Leis an Rialachán, méadaítear freisin an tsolúbthacht a bhfuil géarghá léi chun an oibleagáid stórála gáis a chur chun feidhme agus soláthraítear soiléiriú úsáideach ar a cur i bhfeidhm praiticiúil, go háirithe maidir le stóráil gáis a logánaítear i mBallstáit eile.

Mar sin féin, níl na forálacha in aithris 2 maidir leis an Rialachán REPowerEU atá beartaithe ná an dearbhú dul chun cinn tapa a dhéanamh chun deireadh a chur le hallmhairiú gáis ón Rúis inghlactha ag an tSlóvaic ar roinnt cúiseanna:

Ar an gcéad dul síos, tá an nasc le togra atá faoi réir próiseas reachtach leanúnach thar a bheith neamhghnách agus is féidir breathnú air mar réamhbhreith ar thorthaí a chaibidlíochta, agus ní mór roinnt príomhghnéithe (e.g. dliteanais a eascraíonn as conarthaí gáis fadtéarmacha a cuireadh ar ceal agus cinn eile) a shoiléiriú.

Ar an dara dul síos, níl aon nasc ag an aithris le haon chuid den téacs reachtach féin agus téann sí i bhfad níos faide ná aidhm an Rialacháin maidir le stóráil gáis. Go sonrach, ní féidir leis foinse an tsoláthair gáis a chinneadh ná a eisiamh ar bhealach ar bith chun na hoibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh.

Dá bhrí sin, maidir lenár seasamh comhsheasmhach i leith an phróisis chun deireadh a chur de réir a chéile leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise ón Rúis, rud atá contrártha go díreach le haithris 2 den Rialachán seo, tá an tSlóvaic ag staonadh ó vótáil ar an Rialachán seo.’

**RÁITIS A GHABHANN LEIS NA MÍREANNA NEAMHREACHTACHA ‘A’ A LEAGTAR AMACH IN 11128/1/25 REV 1**

| | |
|---|---|
| | **Fogha na Rúise faoin Úcráin** |
| **Maidir le mír 21 ar liosta na míreanna ‘A’:** | **(a) Cinneadh agus Rialachán ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine** |
| | *Glacadh* |

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

‘Aithníonn an Coimisiún na hábhair imní atá ann faoi láthair maidir leis an mbrú leanúnach atá ar earnáil loingseoireachta an Aontais, go háirithe i gcomhthéacs chur chun feidhme na smachtbhannaí agus an riosca imchéimniúcháin trí bhabhtáil bratach agus athchlárú lasmuigh den Aontas.

Chun tacú le tionscal na loingseoireachta agus chun cur i gcoinne an riosca a bhaineann le díchlárú brataí, déanfaidh an Coimisiún comhordú, go háirithe, le comhpháirtithe i gcomhghuaillíocht na caidhpe praghais ar ola chun cur chuige comhpháirteach a chur chun cinn maidir leis an gcaidhp phraghais a shocrú agus a chur chun feidhme, agus ar an gcaoi sin, cothrom iomaíochta a chothú.

An tráth céanna, cuirfidh an Coimisiún dlús lena chuid oibre for-rochtana le stáit bhrataí tríú tír chun ailíniú le forfheidhmiú smachtbhannaí an Aontais a spreagadh agus chun na soithí sin de chuid an Aontais a bhfuil díchlárú brataí déanta acu a dhíspreagadh ionas nach bhfaighidh siad bratach tríú tír chun smachtbhannaí an Aontais a sheachaint.

I ndlúthchomhar leis an gComhairle agus leis na Ballstáit, saothróidh an Coimisiún na cuspóirí sin, i gcomhréir lena ról faoi Chonarthaí an Aontais chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar fhorfheidhmiú dhlí an Aontais.

Go sonrach, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist an athchláraithe lasmuigh den Aontas chun teacht timpeall ar smachtbhannaí an Aontais, ba cheart do na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas ar bhonn córasach faoi dhíchlárú óna gclárlann bratach. Ba cheart an fhaisnéis sin a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 3na de Rialachán 833/2014, lena gcuirtear d’oibleagáid ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún faisnéis a chomhroinnt le chéile chun soithí a d’fhéadfadh a bheith ina gcuid de scáthchabhlach na Rúise nó a d’fhéadfadh éirí ina gcuid de a shainaithint. Agus an fhaisnéis sin á cur san áireamh agus i ndlúthchomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA), déanfaidh an Coimisiún faireachán struchtúrach ar athruithe brataí agus ar ghluaiseachtaí soithí, agus aird ar leith á tabhairt ar an scáthchabhlach, mar a thugtar air.

Tuairisceoidh an Coimisiún torthaí ábhartha don Chomhairle agus dá comhlachtaí ullmhúcháin chun tacú le cumas an Aontais liostaí breise a mheasúnú agus a mholadh. Na soithí sin a rinne a mbratach féin a dhíchlárú agus a rannchuidigh le hioncam fuinnimh na Rúise, ba cheart measúnú a dhéanamh orthu sa chomhthéacs sin agus féadfar tús áite a thabhairt dóibh maidir le liostú amach anseo.

Eiseoidh an Coimisiún fógra chun na hoibreoirí agus na húinéirí soithí uile a chur ar an eolas faoin nós imeachta sin agus faoina chur chun feidhme docht agus gurb ann d’oibleagáidí díchill chuí faoi dhlí an Aontais chun a áirithiú nach n-úsáidfear soithí a rinne a mbratach a dhíchlárú ó chlárlanna an Aontais chun teacht timpeall ar smachtbhannaí an Aontais. Leis an bhfógra, cuirfear in iúl freisin d’oibreoirí agus d’úinéirí soithí go bhfuil baol mór ann go molfar iad a liostú faoi ghníomhartha dlí ábhartha an Aontais mar gheall ar aon díchlárú ó chlárlanna bratach an Aontais chun ola na Rúise a iompar de shárú ar smachtbhannaí an Aontais.’